Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2021
(OR. en, pl)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0152(COD)**

**8241/21**
**ADD 1**

**CODEC 623**
**RECH 183**
**COMPET 309**
**EDUC 148**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) 2021-2027: Borradh a chur faoi thallann nuálaíochta agus faoi acmhainneacht nuálaíochta na hEorpa **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón bPolainn**

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta ar chearta an duine agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus phrionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, sna leaganacha ina bhfuil an téarma 'inscne', déanfaidh an Pholainn é a léiriú mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE.